An Roinn Oideachais
Department of Education

A Phríomhoide, a Mhúinteoirí, a Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus a Bhaill de Phobal na Scoile,

Sa nuashonrú seo ón gCigireacht, ba mhaith liom tú a chur ar an eolas faoinár gclár reatha d'obair chigireachta i mbunscoileanna, faoi roinnt forbairtí maidir leis an gcaoi a dtuairiscímid do leanaí agus do dhaoine óga, faoi roinnt tuarascálacha téamacha a d'fhoilsíomar le míonna beaga anuas, agus faoinár bpleananna do thuarascáil bhliantúil.

## Clár cigireachta 2024-25

Áirítear ar an gclár cigireachta i mbunscoileanna i mbliana:

- Meastóireacht scoile uile – bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim (MSU - BCF)
- Meastóireacht ar phleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin i scoileanna DEIS
- Cigireacht theagmhasach: cuid acu le béim ar leith ar rochtain agus ar ionchuimsiú agus cuid eile le béim ar leith ar an Matamaitic
- Meastóireacht curaclaim
- Meastóireacht ar an soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu
- Cigireacht leantach
- Cigireacht um chosaint agus chumhdach leanaí
- Cigireacht ar an soláthar do leanaí a bhfuil uathachas orthu i ranganna speisialta i mbunscoileanna.

Thug cigirí cuairt ar roinnt scoileanna a chuireann clár an tsamhraidh ar fáil i rith mhí Iúil agus Lúnasa. Níos déanaí sa téarma seo, fillfidh cigirí ar rogha de na scoileanna sin chun teagmháil a dhéanamh le leanaí, lena dtuismitheoirí agus le ceannairí scoile faoi thionchar chlár an tsamhraidh.

## Cumarsáid a dhéanamh le leanaí agus le daoine óga faoi chigireachtaí

Tar éis dul i gcomhairle le roinnt scoileanna, chuireamar leathanach ar leith le haghaidh leanaí le tuairiscí ar meastóireachtaí curaclaim. Roinnfear cuid de na cinntí agus na moltaí a rinneadh le linn na cigireachta sa leathanach seo. Bheinn buíoch díot dá roinnfeá an leathanach seo leis na daltaí nuair a fhoilseofar an tuairisc ar an meastóireacht curaclaim.

Tá acmhainní, lena n-áirítear físeáin faoi obair na gcigirí agus faoin gcaoi a n-oibríonn grúpaí fócais, ar fáil do leanaí ar an leathanach *Faisnéis do leanaí agus do dhaoine óga* ar gov.ie/ROCigireacht

Tá eolas agus acmhainní gaolmhara le haghaidh tuismitheoirí ar fáil ar an leathanach *Eolas do thuismitheoirí/chaomhnóirí* ar gov.ie/ROCigireacht

Is féidir leat teacht ar thuairiscí cigireachta scoile ar leathanach *Tuairiscí Cigireachta* ar gov.ie/ROCigireacht

## Tuarascáil bhliantúil

Tá pleananna ar bun chun tuarascáil fhoriomlán chigireachta ilchodach a fhoilsiú sna míonna amach romhainn. Beidh an tuarascáil seo mar chuid de straitéis foilseacháin bhliantúil, a chuirfidh ar chumas na Cigireachta príomhshonraí agus príomhfhaisnéis a sholáthar maidir leis an líon cigireachta a dhéantar, rannpháirtíochtaí scoile agus cinntí cigireachta ar fud suíomhanna um fhoghlaim agus chúram na luathóige agus na n-earnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile. Áireofar sa tuarascáil ailt atá bunaithe ar chinntí cigireachta ar thopaicí amhail ionchuimsiú, measúnú agus curaclam.

## Tuarascálacha téamacha agus foilseacháin

Ón nuashonrú deireanach chuig scoileanna, leanamar lenár gcuid oibre ar thuarascálacha téamacha agus ar fhoilseacháin eile. Tá na foilseacháin is déanaí liostaithe thíos. Tá ár bhfoilseacháin théamacha go léir ar fáil ar leathanach Fhoilseacháin na Cigireachta de gov.ie/ROCigireacht

Foilsíodh físeáin ar **rannpháirtíocht agus ceannaireacht daltaí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna** i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair

Inspectorate, Department of Education
Student Participation Series

Chruthaigh an Chigireacht ceithre fhíseán i 2024 i gcomhar le roinnt bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Taispeántar iontu an chaoi ina ndéanann na scoileanna sin rannpháirtíochtagus ceannaireacht daltaí a chur chun cinn agus a éascú. Tá sé i gceist físeáin eile dá leithéid a fhoilsiú in 2025.

Foilsíodh an tuarascáil "**Ranganna Luath-Idirghabhála do Leanaí ar a bhfuil Uathachas i dtreo córas comhleanúnach, ionchuimsitheach**" i mí an Mheithimh

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo cinntí cigireachta ar chúig rang luath-idirghabhála déag le haghaidh leanaí réamhscoile a bhfuil uathachas orthu a rinneadh idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2023.

Foilsíodh an tuarascáil "**Dearcthaí ar Iompar Bulaíochta (2023)**" i mí an Mheithimh

Gealltar i b*Plean Gníomhaíochta Cineáltas* go bhfoilseoidh an Chigireacht tuarascáil bhliantúil ar bhearta frithbhulaíochta i scoileanna. Tugtar léargais ó dhaltaí, ó thuismitheoirí, ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí ar éifeachtacht straitéisí frithbhulaíochta i scoileanna na hÉireann i dtuarascáil 2023.

Foilsíodh an tuarascáil "**Daoine Óga ar Chonair Eile Oideachais agus Oiliúna: Meastóireacht ar Sholáthar Ógtheagmhála**" i mí Lúnasa

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo cinntí foriomlána na meastóireachtaí ar sholáthar Ógtheagmhála i naoi n-ionad idir Ionaid Oideachais agus Ionaid Oiliúna Pobail a rinneadh in 2023.

Foilsíodh an tuarascáil "**Scód a ligean le Cruthaitheacht - Léargais ar chleachtas éifeachtach i suíomhanna um fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus i scoileanna**" i mí Lúnasa

Tugtar léargais sa tuarascáil seo ar thacaíocht agus ar chur chun cinn éifeachtach na cruthaitheachta i suíomhanna um fhoghlaim agus chúram na luathóige, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Foilsíodh an tuarascáil "**Saol an lae inniu a chaitheamh ar bhealach a chinntíonn todhchaí níos fearr-Léargais ar chleachtas éifeachtach san oideachas don fhorbairt inbhuanaithe i suíomhanna um fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus i scoileanna** " i mí Lúnasa

Tugtar léargais sa tuarascáil seo ar thacaíocht agus ar chur chun cinn éifeachtach an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe (OFI) i suíomhanna um fhoghlaim agus chúram na luath-óige (FCLÓ) agus i scoileanna.

Foilsíodh an tuarascáil "**I dTreo Eispéiris Foghlama Ardchaighdeáin do Chách - Soláthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna**" i mí Lúnasa




Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo na cinntí mar a bhaineann le soláthar le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i naoi scoil is fiche in 2023 (seacht gcinn déag de bhunscoileanna agus dhá iarbhunscoil déag).

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine sna scoileanna ar a dtugaimid cuairt le linn ár gcuid oibre cigireachta agus comhairleacha agus forbartha. Tá sé an-tábhachtach dúinn a bheith ag obair ar bhealach comhoibríoch, comh-mheasúil agus muid ag déanamh ár róil i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile ar fud na tíre.

Mar is gnách, guím gach rath oraibh sa scoilbhliain seo.
Go raibh maith agat.

Yvonne Keating

*Yvonne Keating,*
*Príomhchigire*